An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Slándáil Baile

Garraithe agus Tírdhreacht

Réamhrá

Nuair a smaoiníonn muid ar chosc ar choireacht agus ar conas a dhaingníonn muid ár gcuid dtithe cónaithe, is minic a dhéanann muid dearmad ar gharraithe agus gach a bhfuil iontu. Tá sealbúchas luachmhara i do ghairdín, rudaí gur féidir le gadaithe a dhíol go héasca; is féidir le gadaithe uirlisí a fhaightear sa ghairdín a úsáid freisin chun briseadh isteach i do bhaile.

Trí roinnt réamhchúraimí simplí a thógáil, is féidir leat an riosca ó bhuirgléireacht a laghdú, slándáil a mhéadú ar do theach cónaithe agus an saol a dhéanamh níos deacra d'ionróirí feasta.

Geataí, Ballaí, Claíocha , Fálta – Imlíne

Is é d'imlíne / treorainn do chéad líne cosanta. Folaíonn sé seo do chuid ballaí, claíocha, geataí agus fálta.

Ba cheart do bhallaí, claíocha agus geataí ar chúl an ghairdín a bheith 1.8 méadar (6 troigh) ar airde ar a laghad. Is minic gur smaoineamh maith é an treillis a fheistiú leis an mbarr de bharr go soláthraíonn sé bacainn bhreise chun a thrasnú agus freisin is dócha go mbrisfear é, más dreapaithe é, ag cruthú torainn agus aird a tharraingt. D'fhéadfadh dreapairí deilgneacha / colgacha a fhásadh tríd an treillis mar chosc breise – féach ar an eolas mar gheall ar phlandáil cosanta sa chéad chuid eile.

Déan cinnte go bhfuil na geataí taoibhe nó dóirse láidir, glasáilte le glais fraincín cáilíochta nó glais caoch agus nach féidir iad a thógáil dá gcuid insí. Seiceáil an damáiste nó laigíocht go rialta agus deisigh mar is gá. Ba cheart airde an gheata / an dorais airde na mballaí a chomhlánú.

Plandáil Cosanta

Is fiú go mór é bacainn ar a bhfuil fál tiubh colgach ag rith ar feadh d'imlíne / teorainn a mheas. Cuirfear cosc ar thromlach na n-ionróirí feasta ó bheith ag teacht isteach tríd an mbealach seo. Is iomaí planda atá oiriúnach do ról dá leithéid. Seo a leanas liosta nach bhfuil uileghabhálach agus tugtar é mar threoir amháin – ba cheart duit é a phlé le saineolaí gortóireachta ag d'ionad gairdín nó ag do phlandlann.

Cuileann Barbróg Firethorn Sceach gheal
Draighean dubh Pernettys dreaptha
Rósanna Fánadórachta nó Toir

Cabhsáin agus Cosáin

Déan machnamh ar ghairbhéal a chur ar chabhsáin agus ar chosáin. Déanann súil ar ghairbhéal torann, rud is féidir tú a chur san airdeall agus ionróirí féidireachta a chur ó dhoras.

Botháin / Garáistí /Cróite

Ba cheart do bhotháin, garáistí agus cróite a choimeád dúnta agus faoi ghlas nuair nach bhfuil siad in úsáid. Ba cheart iad ar fad a choinneáil in ord maith – bíonn fuinneoga agus dóirse an-soghonta ar fad agus bíonn siad tugtha do dhamáiste. Ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Feistigh gríl miotail agus líontán láidir leis na fuinneoga agus cúirtín taobh istigh chun cosc a chur ar dhuine ó bheith ag féachaint isteach.
- Ba cheart do dhóirse a bheith daingean le boltaí marbh moirtís nó le glais fraincín luibe slán cáilíochta dúnta de réir mar is cuí. Más ag úsáid glas fraincín atá tú, déan cinnte go bhfuil haspa agus stápla feistithe go daingean dó agus go bhfuil sé boltáilte tríd an ndoras le scriúnna / boltaí faoi cheilt nó le scriúnna / boltaí friteagmhála, m.sh., scriúnna aon-threo.
- Nasc le do chóras aláraim ionróra baile má tá ceann feistithe agat.

☑ Bothán soladach atá déanta le bloc coincréite

☑ Doras adhmaid atá réasúnta soladach

☒ Gan gríl nó cuirtín a bheith ar an bhfuinneoig

☒ An iomarca tranglaim ina luí thart

☒ Gan an doras a bheith daingean

☒ Gan a bheith ábalta an haspa a chur faoi ghlas agus fiú más féidir, é a bheith bainte as go héasca trí é a scaoileadh

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceannchéathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

Innealra, Uirlisí agus Implemintí

Bíonn na hearraí seo tarraingteach do ghadaithe ar dhá chúis: (1) bíonn cuid acu luachmhar agus is furasta iad a dhíol ar aghaidh agus (2) is féidir le cuid acu briseadh isteach i do theach cónaithe.

- Ná fágtar dréimirí ina luí thart sa ghairdín – daingnigh iad do bhalla nó rud soladach eile.
- Ná fágtar uirlisí gairdín m.sh. rámhainní, foirc agus mar sin de ina luí thart- is féidir leo siúd a úsáid le briseadh isteach i do theach cónaithe chomh maith.
- Glasáil de shiúl, i do gharáiste nó i do bhothán , innealra luachmhar cosúil le lomairí faiche, mionghearrthóirí, niteoirí cumnhachta, rothair agus mar sin de. Is maith an smaoineamh é na hearraí seo a dhaingniú taobh istigh den gharáiste nó den bhóthán m.sh. trí shlabhra a chur orthu ceann ar cheann don bhalla nó trí shlabhra a chur orthu agus iad fite fuaite ina chéile, agus mar sin de.
- Ba cheart uirlisí eile m.sh casúir, sciúire, araile a choimeád i goimeádán daingean inglasáilte taobh istigh de do gharáiste/bhothán, agus iad ar ancaire don úrlár/don bhalla de rogha
- Déan machnamh ar mharcáil maoine, go háirithe earraí luachmhara cosúil le lomaire faiche, mionghearrthóir, niteoir cumhachta agus mar sin de. Cosúil le maoin taobh istigh de do theach cónaithe, glac grianghrafanna chun críche taifid agus chun aitheantas a éascú.

An iomarca earraí fágtha gan daingean agus fágtha ina luí thart timpeall

Troscán Gairdín agus Ornáid

Is féidir le troscán gairdín agus ornáid a bheith daor le ceannach. Déanann sé seo iad a bheith tarraingteach do ghadaithe.

- Áit gur féidir, déan an troscán agus ornáid daingean don talamh nó do bhalla soladach, agus mar sin de.
- Glac grianghrafanna agus déan nótaí mar gheall ar scríoba, eangaithe agus lochtanna.

Tírdhreacht

Is gnéithe tábhachtachta iad cothabháil tírdhreachta agus gairdíní maidir le slándáil gairdín. Tugann gairdín fiáin a bhíonn coimeádta go bocht agus go faillí teachtaireacht go bhféadfadh an t-úinéir a bheith as láthair nó nach dtugann sé aird ach tugann gairdín deá-tírdhreachta atá coimeádta go cuí críochachas agus is féidir leis rialú rochtana agus deiseanna faire a fheabhsú.

- Más ag imeacht de shiúl ar feadh thréimhse faidréiseach, déan cinnte go bhfuil an féar bainte le linn duit a bheith as láthair.

Crainnte, Toir agus Plandaí

Coinnigh toir, fálta agus plandaí móra ar nós crainnte bearrtha agus gearr siar iad ionas nach dtabharfeá clúdach do ghadaithe agus freisin go dtugtar faire níos fearr duitse agus do do chuid comharsana.

Soilsiú

Bíonn formhór na ngairdíní dorcha san oíche ag ceadú do ghadaithe feasta an deis chun dul i bhfolach go héasca.

- Feistigh soilse seachtracha a bhfuil braiteoirí ceangailte (cibé acu ‘ó thitim na hoíche go breachadh an lae’ leanúnach nó iad sin atá curtha ar siúl ag braiteoirí gluaiseachta).
- Faoi mar atá luaite thuas, coimeád crainnte agus toir bearrtha chun faire a fheabhsú, deiseanna a laghdú d’ionróirí chun dul i bhfolach agus gan cur isteach ar do shoilsiú nó é a bhlocáil.

An tAcht um Dhliteanas Aititheoirí, 1995

Forchuireann an t-acht thuas ar áititheoirí áitreamh (tithe cónaithe príobháideacha agus gairdíní san áireamh, agus mar sin de) dualgais cúraim áirithe maidir le cuairteoirí ar an áitreabh nó talaimh, foghlóirí san áireamh) Go bunúsach, tá dualgas cúraim ar chuairteoir nó ar fhoghlóir gan díobháil a dhéanamh ar dhuine nó damáiste a dhéanamh do mhaoin an duine d’aon turas agus gan gníomhú le neamhaird meargánta don duine nó maoin an duine sin. Is féidir féachaint ar an Acht ar láithreán ghréasáin Achtanna an Oireachtais www.achtanna.ie. Féadfaidh tógáil/feistiú dianbhearta slándála, in imthosca airithe, a bheith faoi thionchar an Achta., m.sh., ní bheadh an seanchleachtas mar gheall ar scardanna gloine a chur isteach ar bharr na mballaí inmholta.

Árachas

Ba cheart polasaithe árachais baile a sheiceáil le d’árachóir chun a dheimhniú cibé an gclúdaíonn siad gadaíocht agus/nó damáiste d’innealra gairdín, uirlisí, trealamh eile agus ornáid gairdíní, agus mar sin de. Ba cheart duit a sheiceáil freisin an bhfuil gá le haon íoschaighdeáin slándála agus an bhfuil aon srianta ar leith i bhfeidhm.

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán. Ar gach uairibh is críon é comhairle ghairmiúil chuí a lorg áit a dhéantar breisithe nó athruithe do do mhaoin le slándail a fheabhsú.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchan seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht

Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána

www.garda.ie

Luibhghairdín Náisiúnta na hÉireann

www.botanicgardens.ie
Fón: (01) 8040300